**Meán Fómhair 2022-Meitheamh 2023**

**Plean na Bliana 2022 - 2023**

Seo an chéad bhliain le cúpla bliain anuas ina raibh muid in ann teacht le chéile mar fhoireann Ghaeilge ag tús na bliana chun féachtaint ar cá raibh muid ag dul mar agus cá raibh muid ag iarraidh dul lenár bplean. Bheartaigh muid ar an bplean a fhágaint mar i gcéanna agus measúnú a bhaint amach ar na páistí ag deireadh an chéad téarma agus ag deireadh an tríú téamra. Aríst mar a dúirt mé, seo an chéad bhliain ina raibh muid in ann smaoineamh faoina léithéid dá bharr na cúpla bhliain a bhí imithe romhainn leis an víreas.

**Téarma a hAon:**

Don chéad téarma tá sé ar intinn againn, cluichí teangan a úsáid chun Gaeilge labartha na bpáistí a fhorbairt. Tá muid ag iarraidh dhá chluiche a bhaint amach in aghaidh na seachtaine. Chomh maith leis sin ba mhaith linn é dá mbainfidh gach múinteoir úsáid as na postéir TAFF agus TAL ag tús na gceachtanna Gaeilge. Chomh maith leis sin beimid ag iarraidh go mbeidh na múinteoirí ag eagrú a ranganna leis na modhanna múinte éagsúla seo; an Tréimshe Réamhchumarsáid, Cumarsáid agus Iarchumarsáid. Ba mhaith linn féachtaint ar ár bpleanna comh maith agus cinntiú go bhfuil said in éinneacht leis an gCuraclam teangan. Ina dteannta sin táimid ag iarraidh go mbeadh an scéim Fhrásaí na Seachtaine in úsáid in ngach rang. Dá bhárr an aiseolas a fuair muid ó na múinteoirí anuraidh, thángamar suas le Frásaí nua don scéim Fhrása na Seachtaine. Tá an scéim nua ag gach múinteoir. Ba mhaith linn é go mbainfidh na múinteoirí úsáid as an nGaeilge chun an téamh suas a dhéanamh uair amháin in aghaidh na seachtaine sa rang chorpoideachais.

Ag deireadh an théarma tá muid ag iarraidh measúnú a dhéanamh ar Gaelige labhartha na bpáistí. Tá muid ag iarraidh na páistí ar fad sa rang a chur le chéile agus iad ag labhairt lena chéile i mbeirteanna. Beidh ceisteanna áirithe faoi cheithre théama curtha suas ar an mbord. Beidh na páistí ag úsáid na ceisteanna áirithe siúd chun comhrá a chruthú. Tá muid chun faid an chomhrá a tomhas, in éinneacht le seicliosta chun cinneadh a dhéanamh an raibh an bheirt in ann comhrá cumasach a bhaint amach gan aon treoir ón múinteoir nó nach raibh. Nílim ach chun an measúnú a dhéanamh ar trí phéirí ón rang. Baileofar na seicliostaí agus faid na mbeirteanna ó ghach múinteoir ranga.

**Téarma a Dó**

Don dara tearma i mbliana beimid ar iarraidh go mbeidh an béim aríst ar na cluichí teangan, TAFF agus TAG ag tús na gceachtanna, scéim fhrásaí na seachtaine, na modhanna múinte éagsúla agus cluichí CLIL don rang chorpoideachais agus Seachtain na Gaeilge. Beidh na haidhmeanna céanna againn le haghaidh Sheachtain na Gaeilge.

**Téarma a Trí**

Don téarma deireanach i mbliana, leanfaimid ar aghaidh ag iarraidh labhairt na teanga agus suim na bpáistí ar son na Gaeilge a chur chun cinn. Beimid ag iarraidh go mbeidh an béim aríst ar na cluichí teangan, TAFF agus TAG ag tús na gceachtanna, scéim fhrásaí na seachtaine, na modhanna múinte éagsúla sna ranganna Gaeilge. Mar aon leis an leanúnachas beimid ag iarraidh go mbeidh an múinteoirí in ann ceithre cheacht Chorpoideachais a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Don téarma seo tá muid chun an measúnú céanna ón gcéad téarma a bhaint amach. Tá muid chun mheasúnú a dhéanamh ar Ghaeilge labartha na bpáistí. Beidh na páistí ar fad curtha i mbeirteanna. Beidh ceisteanna áirithe curtha suas ar an mbord ar cheithre théama. Beidh ar na beirteanna comhrá a chruthú ag baint úsáid sa na ceisteanna ar an mbord.

Tá na múinteoirí chun faid na gcomhráithe a tomhas agus seicliosta a úsaid. Leis an dhá rud sin beidh na múinteoirí ag cinntitheach an raibh comhrá cumásach ar siúl idir na péírí áirithe nó nach raibh. Tabharfaidh na múinteoirí suas na seicliostaí agus na hamanna. Feicfidh muid mar fhoireann na Gaeilge ar raibh feabhas ar Ghaeilge labhartha na bpáistí nó nach raibh.

Plean don bhliain 2022-2023

**Gach rud ag braith ar an gCoróinvíreas.**

| Téarma a hAon | Aidhmeanna | Déanta |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| | • Na cluichí teangan a himirt dhá uair in aghaidh na seachtaine<br>• Frásaí na Seachtaine á dhéanamh go seachtainiúil.<br>• Na frásaí atá déanta ag an rang a mharcáil ar an bhfoirm ranga.<br>• Na Modheolaíochtaí: Réamhchumarsáid, Cumarsáid agus Iarchumarsáid a úsáid<br>• Na Modheolaíochtaí: TAFF agus TAG a úsáid sna ranganna Gaeilge.<br>• Cluichlí CLIL – Téamh suas uair amháin in aghaidh na seachtaine.<br>• Measúnú ar Ghaeilge labartha na bpáistí. | |
| **Téarma a Dó** | • Frásaí na Seachtaine á dhéanamh go seachtainiúil.<br>• Na frásaí atá déanta ag an rang a mharcáil ar an bhfoirm ranga.<br>• Na cluichí teangan a himirt dhá uair in aghaidh na seachtaine<br>• Na Modheolaíochtaí: Réamhchumarsáid, Cumarsáid agus Iarchumarsáid a úsáid<br>• Na Modheolaíochtaí: TAFF agus TAG a úsáid sna ranganna Gaeilge.<br>• Seachtain na Gaeilge.<br>• Cluichlí CLIL – Téamh suas uair amháin in aghaidh na seachtaine. | |
| **Téarma a Trí** | • Frásaí na Seachtaine á dhéanamh go seachtainiúil.<br>• Na frásaí atá déanta ag an rang a mharcáil ar an bhfoirm don Ghaeilge<br>• Na cluichí teangan a himirt dhá uair in aghaidh na seachtaine<br>• Ceithre rang Chorp Oideachais a dhéanamh trí mheán na Gaeilge/ Nó téamh suas nó fuarú síos a dhéanamh as Gaeilge ag brath ar chaighdeán an ranga.<br>• Na Modheolaíochtaí: Réamhchumarsáid, Cumarsáid agus Iarchumarsáid a úsáid<br>• Na Modheolaíochtaí: TAFF agus TAG a úsáid sna ranganna Gaeilge.<br>• Measúnú a dhéanamh ar Ghaeilge labartha na bpáistí. | |

# Féinmheastóireacht Scoile  Gaeilge  2022/2023

44Spriocanna:

1) Spreag na daltaí an gaeilge a úsáid agus taithneamh a bhaint as an Gaeilge·
2) Scéim Gaeilge Neamhfhoirmiúil a úsáid·
3) Modhanna múinte éagsúla leis an Cur Chuige Cumarsáid – Tréimhse Réamhchumarsáid, Cumarsáid, Iarchumarsáid·
4) T·A·F·F agus T·A·L· in úsáid i gceachtanna na Gaeilge·

| Téarma 1 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cluichí Teangan/ Cluichí ó bhéal- 2 uair sa tseachtain Tóg pictiúrí nó físeanna | WALT/ WILF RC/C/IC | Frása na Seachtaine | | Cluichí CLIL - Téamh Suas – Uair amháin in aghaidh na seachtaine<br><br>Measúnú ar Teanga ó bhéal na bPáistí· |
| **Téarma 2** | | | | |
| Cluichí Teangan/ Cluichí ó bhéal- 3 uair sa tseachtain Tóg pictiúrí nó físeanna | WALT/ WILF RC/C/IC | Frása na Seachtaine | Cluichí CLIL - Téamh Suas – Uair amháin in aghaidh na seachtaine | Seachtain na Gaeilge |
| **Téarma 3** | | | | |
| Cluichí Teangan – Tóg pictiúrí nó físeanna | WALT/ WILF RC/C/IC | Frása na Seachtaine | Cluichí CLIL – Ceithre ceacht PE iomláin trí mhean na gaeilge | Measúnú ar Teanga ó bhéal na bPáistí· |